

*Tugadh an t-ár-seo ar Éirinn: dán polaitiúil ó
thús an seachtú haois déag*



Deirdre Nic Chárthaigh

Celtica 35 (2023), 224–244

DOI: 10.58480/SCS-cb738-t8fvs

DIAS

Institiúid Ard-Léinn | Dublin Institute for
Bhaile Átha Cliath | Advanced Studies



© School of Celtic Studies, Dublin Institute for Advanced Studies.

This work is licensed under CC BY-NC 4.0. To view a copy of this
license, visit <https://creativecommons.org/licenses/by-nc/4.0/>

TUGADH AN T-ÁR-SO AR ÉIRINN:
DÁN POLAITIÚIL Ó THÚS AN SEACHTÚ HAOIS DÉAG

ABSTRACT¹

This paper provides a discussion and edition of *Tugadh an t-ár-so ar Éirinn*, an early seventeenth-century political poem attributed to Eóghan Mac Craith. The poem, which is a lament on the state of Ireland, abounds in imagery and motifs that are typically associated with the accentual political poetry of the middle of the century, and contains what is, perhaps, one of the earliest examples of the gendered depiction of Ireland as a neglectful mother who has abandoned her children. The poem also contains interesting supplementary quatrains, or *iargcomhairc*, to Donnchadh Ó Briain, the fourth Earl of Thomond. It will be suggested here that these stanzas, in which the Virgin Mary is invoked, may, in fact, be a cloaked rebuke of the earl's staunch Protestantism. The question of the poem's date of composition, which has hitherto caused some confusion, will also be addressed.

RÉAMHRÁ

IS ÉARD ATÁ san alt seo ná eagrán de dhán polaitiúil dar tús *Tugadh an t-ár-so ar Éirinn* a leagtar ar an bhfile Eóghan Mac Craith. Dán teibí polaitiúil atá i gcorp an tsaothair (rainn 1–13), ina ndéantar cur síos ar chruachas na hÉireann i bhfriotail aighneasach teagascach, agus ina ndéantar cur síos ar Éirinn mar mháthair mhídhílis mhínádúrtha, a thréig a clann féin agus a bhfuil clann choimhthíoch á tógáil aici (rainn 4–11). Déantar tráchttaireacht sa dán ar mhórchlaohlú sóisialta an seachtú haois déag, agus ar ísliú stádas na n-uaisle go háirithe (rann 10). Cuirtear *iargcomhairc* ar Dhonnchadh Ó Briain, ceathrú hIarla Thuamhan, ar fáil ag deireadh an dáin (rainn 14–17). Tá an dán in eagar agam thíos as LS ARÉ 24 L 13 (7), agus tugaim léamha as LS Leabharlann na Breataine Harley 1921 agus as LS Choláiste na Tríonóide 1281.² Déanaim plé ar chúlra agus ar chomhthéacs an dáin, mar aon lena sheachadadh lámhscríbhíne.

¹Tugadh leagan den pháipéar seo ag an gcomhdháil *Dánta Cogaidh agus Dánta Síochána ó lár an 17ú haois*, a reáchtáladh i gColáiste na Tríonóide i mí na Bealtaine 2022. Táim buíoch de Philip Mac a' Ghoill, de Mhícheál Hoynes agus d'Eoin Mac Cárthaigh as a gcuid moltaí le barr feabhais a chur ar ghnéithe den eagrán seo. Táim buíoch, leis, d'eagarthóirí *Celtica* agus don léitheoir a cheap siad. Mé féin faoi deara gach botún agus dearmad.

²Tá eagrán dioplómaitiúil den chóip den dán atá ar caomhnú in ARÉ 24 L 13 ar fáil in *ABM* (dán 486).

DÁTA CEAPTHA AN DÁIN

Léirítear mearbhall áirithe maidir le dáta ceaptha an dáin seo sna finnétithe lámhscríbhíne agus sa tráchtairacht a rinneadh ar an dán go dtí seo. Insíonn foinsí áirithe dúinn gur sa bhliain 1620 a cumadh an dán, ach leagtar an dáta 1640 air i bhfoinsí eile.³ Luaitear dáta ceaptha an dáin sa téacs féin: *sé chēad déag agus dōchad* (13d). Is cosúil gur ón bhfocal *dochad* / *dōchad* (: *fad*) (°*déag*) a eascraíonn an mhíthuiscint. Is léir gur léadh an focal seo mar fhoirm den ghiorrúchán ar ‘dá fhichead’, ‘daichead’, giorrúchán a fhaightear san fhilíocht aiceanta ón seachtú haois déag i leith: ‘*Dá fhichead* (trisyllabic, with main stress on second syllable) has given disyllabic *daichead* in spoken Irish ... This is attested in stress-verse from the first half of the seventeenth century’ (O’Rahilly 1950: 354, ag fonóta 2). Tá léirithe ag Ó Cuív, áfach, gur foirm ar leith den uimhir ‘fiche’ é *dōchad/dáchad*, a múnlaíodh ar leithéidí *tríocha*, *ceathrachad* srl. (1970: 110), agus dar leis go mb’fhéidir go bhfuil foinse ársa ag an bhfoirm seo.⁴ Níl fad an chéad ghuta deimhnithe ag an meadaracht anseo, agus mar sin tá *dochad* na lámhscríbhíne coigeartaithe agam go *dōchad*.⁵ Is fearr a thagann an dáta seo, 1620, mar a raibh Donnchadh Ó Briain fós ina bheatha, le comhthéacs an dáin.

FILE

Leagtar *Tugadh an t-ár-so ar Éirinn* ar Eóghan Mac Craith i ngach ceann de na finnétithe lámhscríbhíne; file a bhain, ní foláir, leis an teaghlach oidhreachtúil filíochta-staire a raibh brainsí de lonnaithe i dTiobraid Árann agus i Luimneach faoin séú haois déag. Is é an tuairim a bhí ag T. F. O’Rahilly gurbh fhéidir gurb ionann údar ár ndáin-ne agus Eóghan mac Donnchaidh Mhaoil Mheic Craith, a chum raidhse dánta reiligiúnacha:

The *floruit* of Eoghan mac Donnchadha Mhaoil, who is known as the author of some religious pieces, has not yet been satisfactorily determined. If an inference may be drawn from the way in which the names are interchanged in some mss., he would be identical with the Eoghan Mac Craith who, besides taking part in the ‘Contention of the Bards’ was author of *Tugadh an t-ár-so ar Éirinn* (written in 1620), and a couple of poems on the O’Briens of Clare and Tipperary. (O’Rahilly 1921–4: 103)

³Luaitear an dáta 1620 leis an dán sna lámhscríbhinní Má Nuad M1, ARÉ E v 2 (200) agus Leabharlann na Breataine Harley 1921. 1620 nó 1640 atá in ARÉ 23 G 24 (257). Is mar seo a leanas a dhéantar cur síos ar an dán i gcuide de na cuntais chatalóige: ‘On the illness (?) of Donnchad O Briain, Earl of Thomond, 1620’ (ARÉ 24 L 13 (7); *Cat. ARÉ*. fasc. 1, 44); ‘On the death of Donnchadh O Briain in 1640 (acc. to this poem)’ (ARÉ 24 C 21; *Cat. ARÉ* fasc. 22, 2732). 1620 an dáta a leagtar ar an dán i mBunachar Fhilíocht na Scol (<https://bardic.celt.dias.ie/rochtainMárta2023>), agus 1640 a luaitear leis in *ABM* (dán 486).

⁴Mar a luann Ó Cuív, ‘twenty’ a thugtar mar aistriúchán ar *dōchad* in *DIL*, ach féach go bhfuil sé sin athraithe (go hearráideach) go ‘forty’ in *eDIL* (s.v. †*dachad*).

⁵Guta fada atá i bpéire de na trí chóip lámhscríbhíne is sine, mar atá TCD H 1. 7 (1281) agus Harley 1921.

Dar le Pádraig Breatnach gurb ionann údar ár ndáin-ne agus Eóghan Mac Craith ar leith a chum an dán dar tús *Slán le sinnsearaibh Síl dTáil* agus a rinne athchóiriú ar dhán fada ginealaigh ar na Brianaigh dar tús *Tug damh h'aire a Inse an Laoigh*, a leagtar a bhunleagan ar an bhfile Maoilín Óg Mac Bruaideadha:

There are good grounds for believing that the redactor responsible for reworking the original [of *Tug damh h'aire*] was none other than Eoghan Mac Craith, a poet of Clare, who flourished in the first half of the century and who is known as the author of a poorly transmitted lament for Ireland, *Tugadh an t-ár so ar Éirinn*. (Breatnach 2008: 133)

Tá dealramh na fírinne ar an tuairim sin. Is léir go raibh baint ag ár bhfile leis na Brianaigh, óir tiomnaíonn sé cúpla rann ag deireadh an dáin do Dhonnchadh Ó Briain, ceathrú hIarla Thuamhan. Déanann Breatnach amach go bhfuil dearcadh diúltach i leith Dhonnchaidh Uí Bhriain agus i leith Bhrianaigh an seachtú haois déag go ginearálta á léiriú ag an bhfile sa leagan athchóirithe de *Tug damh h'aire* agus in *Slán le sinnsearaibh Síl dTáil* faoi seach. San athscríobh a rinneadh ar *Tug damh h'aire*, mar shampla, is amhlaidh a fágadh na tagairtí moltacha do Dhonnchadh Ó Briain ar lár:

The most remarkable feature of the revised version is its extrusion (except for a passing reference) of Donnchadh Ó Briain, fourth Earl of Thomond, the patron during whose tenure (1581–1624) the original poem was composed and with a record of whom (three quatrains) its chronicle of the royal line concludes. It is certain that this extrusion was effected out of revulsion against the earl's actions in siding with the English during the Nine Years' War, and the egregious cruelty against his own people that characterised his pursuit of the English cause thereafter. (Breatnach 2008: 132–3)

Sa dán *Slán le sinnsearaibh Síl dTáil*, déantar comparáid idir na seanBhrianaigh agus na Brianaigh chomhaimseartha a thréig na filí nuair a ghlac siad le téarmaí na Sasanach:

Do súigheadh dinn diaidh ar ndiaidh
laoich óga sleachta Síl mBriain,
tréad fromtha nár fhógair síoth
do thógaibh comhtha coigcríoch.

'They were sucked from us one by one, those young champions of *Síol mBriain*; the tried company that never declared peace has accepted the foreigners' terms.' (Breatnach 2008: 135)

Tá an rann thuas lochtach sna finnéithe lámhscríbhíne ar fad, agus déanann Breatnach amach go ndearnadh doiléiriú ar theachtaireacht an fhile d'aon ghnó:

It is curious that so forthright a cry of betrayal should be transmitted in so indecipherable a form; each copy adds a slight alteration of its own to the corruption that must have been present in the archetype that lies behind them... It is fair to wonder whether the distortion may have originated, not a result of some late accident of transmission, but rather as a device with which to hide from those turned servants of the English crown a view of them that might bring retribution upon those who held it. (Breatnach 2008: 133–4).

Ní féidir an méid sin a chruthú go cinnte, ar ndóigh, ach déanaimse amach go mb'fhéidir go bhfuil a leithéid de mhasla ceille i gceist sna rainn a thiomnaítear do Dhonnchadh Ó Briain inar ndán-na chomh maith (féach thíos). Chuirfeadh an léamh sin ar an dán taca faoin tuairim gurb é an file céanna a chum na trí dhán seo, agus go raibh sé de nós aige dánta molta a chumadh ar na Brianaigh, ach fogha caolchúiseach a thabhairt faoin gceathrú hIarla sna dánta céanna. Lena chois sin, tá fianaise laistigh dár ndán-na go raibh filíocht Mhaoilín Óig Mheic Bhruaidealha (a chum bunleagan *Tug damh h'aire*) léite ag ár bhfile, agus go mb'fhéidir go raibh sé faoina hanáil.⁶

IARGCOMHAIRC AR DHONNCHADH Ó BRIAIN

Tiomnaítear ceithre rann ag deireadh an dáin seo do *Donnchadh ó Briain Bōroimhe* (16*b*), *Iarla ó cCais* (15*a*); rainn nach mbaineann a bheag nó a mhór, shílfeá, le hábhar an dáin féin. Ós rud é go bhfaightear na rainn seo sna finnéithe lámhscríbhinne is luaithe, agus ós rud é go gcuireann siad *dúnadh* leis an dán, glacaim leis gur cuid den bhunsaothar a cumadh in 1620 iad.⁷ Is dócha, mar sin, gurb é Donnchadh Ó Briain, ceathrú hIarla Thuamhan a bhásaigh sa bhliain 1624, atá i gceist.⁸ Moltar an tIarla i dtéarmaí ginearálta i rainn 14–15; déantar cur síos air mar *tréanshlát don fhiodhbhuídh as f[h]earr*, ‘a powerful branch from the best wood’ (14*c*), agus mar *bas bhleigheadhtrom nár bhāigh mionn*, ‘the hand with the heavy goblet who has not broken an oath’ (16*c*). Tá blas láidir paidre ar na rainn seo chomh maith. Iarrtar ar Dhia an Brianach a chosaint: *An t-aonmhac-so as dílse dhi / comhduigh, a chodhnuigh nimhe*, ‘O lord of heaven, protect this only son who is most

⁶Féach nóta 11*b* sna nótaí téacsúla.

⁷Tá na rainn seo ar iarraidh i bhfinné lámhscríbhinne amháin, mar atá TCD H 1.7 (1281). Déanaim amach gur cóip neamhchríochnaithe den dán atá inti, áfach.

⁸Cumadh neart dánta eile ar Dhonnchadh Ó Briain a léiríonn go raibh sé ina phátrún ag filí clas-aiceacha, in ainneoin gur ghlac sé go fonnmhar le nósanna agus le cultúr Shasana. Is iad na dánta a cumadh ar an gceathrú hIarla Aoibhinn an lása i *Lonnainn* (TD 36.7–8); *Mór a-tá ar theagasg fíatha* (Nic Chárthaigh 2013), *Mo chúig [nó cheithre] rainn duit a Dhonnchaidh* (Macbain agus Kennedy 1894: 143–4), *Mall an deithbhirse ar Dhonnchadh* (Minahane 2000: 58–64), *Fagham ceart ar chlann Éibhir* (Iomarbháigh 29.28–30), *Tairgidh mo sheachna a shíol mBriain* (McLaughlin 2005), *Eascar Gaoideal éag aoinfhr* (Ó Cuív 1984), *Aoidhe Ó gCais 'na chrích féin* (ABM 242), agus *An ngeabhtá, a Dhonnchaidh, mo dhán?* (Ní Úrdail 2004). Maireann rann amháin i meadaracht an amhráin a cumadh ar an Iarla, más fíor, i lámhscríbhinn Uí Ghadhra (ARÉ 23 F 16 (2), lch. 214 [117]).

loyal to her' (14ab); *Iarla ó cCais, a Chrīosd neamhdha / ar th'iocht at-ā, a thighearna* (15ab), 'The earl of Dál gCais, o heavenly Christ, is under your protection' (15ab). Tá seans ann gur cuireadh an phaidir seo le hanam an Iarla agus é ag druidim le deireadh a shaoil. (Ní fios cathain a rugadh an tIarla, ach ba sa bhliain 1550 a phós a thuismitheoirí (Cunningham 2009). D'fhéadfadh, mar sin, go raibh sé ag druidim leis an seachtó bliain d'aois nuair a cumadh an dán seo).

Is díol spéise go háirithe, dar liom, rann deireanach an dáin seo, ina ndéantar tagairt don Mhaighdean Mhuire:

Baránta bhaincheann nimhe,
togham an oigh ainglidhe;
fada ó tugadh [a] lámh linn;
tugadh an t-ár ar Ēirinn. finit.

'Let us choose the angelic virgin, the guarantor of the leading women in Heaven; it is a long time since her help has been given to us, destruction has been wrought upon Ireland.'

Is ait liom go ndéantar tagairt don Mhaighdean Mhuire ag deireadh na *n-iargcomharc* seo, ós rud gur Phrotastúnach cruthanta ab ea Donnchadh Ó Briain.⁹ Déanaim amach go mb'fhéidir gur cheart an rann seo a léamh mar thagairt do thréigean Mhuire, agus an file ag tabhairt le tuiscint nach ndearna an Mhaighdean idirghabháil ar son na hÉireann mar gheall ar an tréigean sin.¹⁰ An bhfuil an file ag impí ar Ó Briain glacadh arís leis an gcreideamh Caitliceach, agus é ag druidim le deireadh a shaoil? Ní féidir a bheith cinnte faoin léamh sin, ar ndóigh, ach thiocfadh sé leis an tuairim gurbh ionann údar ár ndáin-ne agus údar an leagain athchóirithe de *Tug damh h'aire* agus *Slán le sinnsearaibh*, dhá dhán ina ndéantar an tIarla a mhaslú ar bhealach caolchúiseach doiléir. B'aisteach, go deimhin, an tIarla a bheith á mholadh go neamhbhalbh i ndán a chaoineann na hathruithe sóisialta ar ghlac an Brianach féin go fonnmhar leo, agus ar chuir sé luas leo, le linn a réime.

FOINSÍ LÁMHSCRÍBHINNÍ

Tá naoi bhfinné lámhscríbhinne den dán seo ar m'eolas:

H (= Harley 1921, 78–9): Is i láimh an cheathrú Randel Holme a breacadh an chuid is mó d'ábhar na lámhscríbhinne seo uair éigin sa dara leath den seachtú haois déag. Ba as Chester na Breataine Holme, agus mhair sé idir 1659 agus 1707. Bailiúchán de leathanaigh aonair atá sa lámhscríbhinn. Baineann an chuid is mó den ábhar inti le cúrsaí peannaireachta agus scríbhneoireachta. Is

⁹Táim buíoch de Brendan Kane as m'aírd a thabhairt ar an bpointe seo.

¹⁰Ní hionann an leathrann seo sna lámhscríbhinní ar fad (féach na nótaí téacsúla). An bhrí chéanna, go bunúsach, atá leis na léamha éagsúla, áfach. Tréigean na Maighdine Muire is ábhar do dhánta eile a cumadh le linn na tréimhe seo. Féach, mar shampla, *Mairg dhiúltas d'inghin Anna* le hAonghus Fionn Ó Dálaigh (McKenna 1919: dán 50).

beag ábhar Gaeilge atá inti. Déantar cur síos ar litreacha clóbhualte na Gaeilge ar leathanach 77, rud a thagann leis an gcuid eile den lámhscríbhinn ó thaobh ábhair de. Breacadh ár ndán-na ar leathanaigh 78 agus 79. Níl a fhios agam cé a bhreac an chóip seo den dán, ná cén chaoi ar chríochnaigh sé i seilbh Holme. Thabharfadh an nóta seo a leanas a breacadh i ndiaidh an dáin go raibh an scríobhaí ag scríobh do shéiplíneach éigin:

Acc sin duit a Chaibhiolláin [leg. Chaipealláin] Maigheór 7 leasaigh féin 7 lucht na deaghaithne oile a ffuil a ffeidhm a cheartaighthi ann 7 bean gan tshúainearradh úaimsi, leis díbh, etc., acht ni maith sagart gan chléireach no dán gan abhrán.

‘That is for you, o chaplain major, and let you, and the other people of good knowledge, correct all that must be corrected in it, and a woman without nightclothes [i.e. a blessing] from me to you, etc., and there is no use in a priest without a cleric, or in a poem without an *amhrán*.’¹¹

Breacadh rann i meadaracht an amhráin ar lorg an nóta sin:¹²

An t-ár-san *dar* ngnáthlo(i)t, lér cuireadh ar lé[a]n,
dí[o]th fáithbheart a rádhá do dhuine san tsháel
acht grása na hárdfhilath’ go guineadh le hÉ[a]bh
go ttáirfeim-ne a shárchur d’fhoirinn na nGael.

‘That slaughter constantly wounding us, by which our sorrow was caused,
it would be a folly for anyone in the world to try to relate it,
but [by] the grace of the high lord who was (?) wounded by Eve,
that we might avenge their slaughter for the Irish.’

L (= ARÉ 24 L 13 (7), 52–3): Ba é an scríobhaí Uilliam Ruadh Mac Coitir (c. 1675–1738) a scríobh an chuid den lámhscríbhinn seo ina bhfuil *Tugadh an t-ár-so* ar caomhnú. Bhí sé ag scríobh don athair Seán mac Diarmada Ó Briain (*Cat. ARÉ* fasc. 1, 43).

E (= ARÉ E v 2 (200), 337–41): Scríobh Pól Ó Longáin an lámhscríbhinn seo do Shéamus de Róiste sa naoú haois déag (*Cat. ARÉ* fasc. 5, 529). Scéalta rómánsaíochta is mó atá ar caomhnú inti.

G (= ARÉ 23 G 24 (257), 409; 438): Mícheál Óg Ó Longáin a scríobh an lámhscríbhinn seo. Lámhscríbhinn chumaisc thoirtiúil atá inti, ina bhfuil

¹¹Bhí an méid seo a leanas le rá ag Flower maidir leis an imeartas focal ‘*bean gan tsúainearradh* = bean nocht = beannacht’: ‘This is, perhaps, the earliest instance in the Museum collections of the equivocation between *ben nocht* or some equivalent and *beannocht* = *beannacht*, a quip repeated with wearisome iteration by all the following generations of poets’ (Flower 1926: 13).

¹²Tugann an nóta thuas le tuiscint, dar liom, nár bhain an rann seo leis an mbundán ó thúis, agus níl sé in eagar agam mar chuid den dán féin dá bharr sin.

blúirí de lámhscríbhinní éagsúla a breacadh idir na blianta 1795 agus 1821 (*Cat. ARÉ* fasc. 6, 687; Sharpe 2018: 348). Breacadh an chéad chuid dár ndán-na ar leathanach 409, agus tá an chuid eile ar fáil ar leathanach 438.

M (= ARÉ 23 M 24 (341), 27–9): Ní fios cé a scríobh an lámhscríbhinn seo a breacadh sa naoú haois déag. Dar le hÓ Comhraí gurb é Éadbhard Ó Raghallaigh, nó duine dá chlann, a scríobh (*Cat. ARÉ* fasc. 8, 948). Bhí an lámhscríbhinn i seilbh Uí Raghallaigh (uimhir 99 ina bhailiúchán).


C (= ARÉ 24 C 21 (943), 89–93): Ba é W. S. O'Brien a scríobh an lámhscríbhinn seo i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1862 (*Cat. ARÉ* fasc. 22, 2732). Insíonn sé féin dúinn (ar an gcéad leathanach) go raibh sé ag cóipeáil as lámhscríbhinn a scríobh Uilliam Ruadh McCoitir (= L): 'The following poems have been copied by me from a manuscript which has been lent to me by Mr John O'Daly. This manuscript is in the handwriting of William Ruadh Mac Coitir a celebrated Munster poet who flourished about A.D. 1728–37 and who lived at Castle Lyons in the County of Cork.'

Eg (= Eg. 113, 98–9 [209–10]): Lámhscríbhinn chumaisc í seo a bhreac lámha éagsúla sa naoú haois déag. Bhí Éadbhard Ó Raghallaigh i measc na scríobhaithe (Flower 1926: 608). Is cosúil gur cóip de TCD H 1. 7 (1281) (= T) atá sa lámhscríbhinn (Abbott and Gwynn 1921: 16).

T (= TCD H 1.7 (1281), 174r/v–5): Ba é *Seagan Ó Connaire* a scríobh an lámhscríbhinn seo sa bhliain 1765 agus é sa Fhrainc (Abbott and Gwynn 1921: 16). Ábhar annálaíoch atá sa lámhscríbhinn; tá an chuma air nach mbaineann leathanaigh 144–76, a bhfuil bailiúchán dánta ar caomhnú iontu, leis an mbunlámhscríbhinn ó thúis. Insítear dúinn sa chatalóg gur cóip den lámhscríbhinn seo iad lámhscríbhinní Eg. 98–99 i leabharlann na Breataine: 'There is a copy from this MS. in the B. M. Egerton, 98, 99' (Abbott and Gwynn 1921: 16). Níl san fhinné lámhscríbhinne seo ach cuid den dán (rainn 1–13), áfach.

M1 (= Má Nuad, M1, 201–3): Bhreac Mícheál Óg Ó Longáin an lámhscríbhinn seo sa bhliain 1818 'do chum úsáide a cheart onóra, dochtúir Seaghan Ó Murchadha, easbog Chorcúidhe' (Walsh 1943: 1).

An tuiscint atá agam ar sheachadadh an téacs ná go bhfuil trí chóip neamhspleácha tagtha anuas chugainn, mar atá H, L agus T (ach go síolraíonn L agus T ó eiseamláir choitinn atá cailte anois), agus go síolraíonn C, G, M1 agus E go díreach nó go hindíreach ó L. Déanaim amach go síolraíonn dhá lámhscríbhinn dheireanacha, mar atá M agus Eg, ó níos mó ná lámhscríbhinn amháin.



FIANAISE MAIDIR LE GAOL NA LÁMHSCRÍBHINNÍ LENA CHÉILE

Tá roinnt éagsúlachtaí suntasacha idir H agus na lámhscríbhinní eile a thugann le tuiscint go bhfuil sí neamhspleách orthu. Tugtar na rainn in ord ar leith in H, mar shampla. (Cloím le hord na rann in H san eagrán agus san uimhriú thíos):¹³

H: 1, 2, 3, 4, 5, 6, 7, 8, 9, 10, 11, 12, 13, 14, 15, 16, 17

L: 1, 2, 3, 4, 5, **10, 6, 9, 8, 7, 13, 11, 12**, 14, 15, 16, 17

T: 1, 2, 3, 4, 5, **10, 6, 9, 8, 7, 13, 11, 12**.

Lena chois sin, tá léamha ag H nach bhfuil ag L ná ag T. Féach, mar shampla, *1b budh* (H); *bhus* (L, T); *3a acc fhuireach* (H), *sa tiolach* (L) *so tiollaicc* (T); *5a mire* (H); *mearbhall* (L, T); *6a dháil* (H), *tháil* (L, T); *10d dáil is dall do* (H); *dál dall da gach* (L), *dál dall do gach* (T). Tá roinnt difríochtaí idir L agus T chomh maith, áfach, a thugann le tuiscint go bhfuil siad neamhspleách ar a chéile. Féach, mar shampla, *1a Tugadh* (L), *Tugach* (T); *1b saoirchreidhim* (L); *saoirchréidimh* (T); *6c a-táid* (L); *ó táid* (T); *6d ndanardha* (L), *nathardha* (T); *10d danarchoin* (L); *danardha* (T); *12c neamhthruaighe* (L); *neart truaighe* (T). Is cosúil go síolraíonn C, G, M1 agus E ó L. Is ionann ord na rann sna lámhscríbhinní sin agus ord na rann in L, agus tá an dán iomlán ar caomhnú iontu, a thugann le tuiscint nach ó T a shíolraigh siad (ach féach an plé a dhéantar ar M agus Eg thíos). Chomh maith leis sin, tagann léamha na lámhscríbhinní seo le L sna háiteanna a dtagann sí salach ar H agus ar T. Féach, mar shampla: *1b saoirchreidhim* (L, C, G, M1, E), *saoibhchréidhim* (H), *saoirchréidimh* (T); *12c bíth* (L, C, G, M1, E), *bíodh* (H), *bíoth* (T). Tá a fhios againn gur shíolraigh LS C go díreach ó L (féach an plé ar an lámhscríbhinn thuas), agus déanaim amach gur shíolraigh G go díreach ó L chomh maith, ós rud é go bhfaightear

¹³Is loighciúla ord na rann in H, mar a leagtar an dán amach go soiléir ina chodanna éagsúla: réamhrá (rainn 1–3); meafar na máthar (4–11); dáta ceaptha an dáin (12–13); iargcomhaire (14–17). Níl an leagan amach chomh néata céanna sna finnéithe eile: réamhrá (1–3); meafar na máthar (4–10; 13); dáta ceaptha an dáin (11–12); iargcomhaire (14–17).

gluais leis an bhfocal ‘iolach’ (3a) sa dá fhinné sin. Tá an chuma air gur cóip é E (a scríobh Pól Ó Longáin) de M1 (a scríobh Mícheál Óg Ó Longáin), agus tá an cheannscríbhinn chéanna leis an dán sa dá lámhscríbhinn sin.

Is dóigh liom go raibh níos mó ná eiseamláir amháin ag Eg. Tá a fhios againn gur cóip de T í lámhscríbhinn Eg (féach thuas), ach tá an dán iomlán ar caomhnú in Eg, agus gan ach cuid den dán ar marthain in T. Chomh maith leis sin, tagann léamha Eg le L in áiteanna áirithe. Féach, mar shampla: 1b *saoithchreidhim* (L, Eg) *saoirchreidimh* (T), *saoibhchreidhim* (H). Rinneadh leasú ar léamha lochtacha T agus L in Eg in áiteanna áirithe. Tagann na leasuithe seo le léamha H, ach déanaim amach gur leasuithe de chuid an scríobhaí iad, seachas fianaise go raibh baint acu le traidisiún H. Féach, mar shampla: 9a *Tuigthe ar an mnaoi Néill-si* (Eg, H), *Tuigthe ar mhnaoi Neill* (L), *Tuig air mhnaoi Neill* (T); 12a *Caogad céd* (Eg), *Cáogad ced* (H), (?) *aogad bliaghan* (L), *Caogad bliaghain* (T). Déanaim amach gur cóip de Eg í M: tá a fhios againn go raibh baint ag Éadbhard Ó Raghallaigh leis an dá lámhscríbhinn agus tagann léamha na gcóipeanna lena chéile tríd síos.

MEADARACHT

Is i ndeibhí, dán díreach, a cumadh an dán seo agus cloíonn sé le rialacha na meadarachta sin den chuid is mó.¹⁴

Tá samplaí de bhreacadh i rann 7 (*clann* : *s[h]íothGhall* : *fíorchlann*) agus i rann 8 (*Bhreagh* : *M[h]íleadh* : *bean*). Faightear cuibheas breise in 13cd chomh maith (*bréag* : *féag* : *chēad* : *déag*). Tá sampla den locht mheadarachta *caoiche* i leathrann deireanach an dáin, agus *tugadh* ag déanamh comhardaidh leis féin (17cd).

TEANGA

Is sa Nua-Ghaeilge Chlasaiceach a cumadh an dán, agus glacaim leis gur botúin sheachadta faoi deara deacrachtaí áirithe sa lámhscríbhinn. Plé ginearálta ar ghnéithe de theanga an dáin atá sa mhéid seo a leanas:

Athrú tosaigh ar lorg ainmfhocal: Faightear urú an áinsígh mar a bheimis ag súil leis in *le pláigh bpeacaidh* (3c); *fa [a]* (sa chiall ‘um’) *cloinn ndearbhtha* (7a); *fa* (sa chiall ‘um’) *chnámh cclann cCobhthuigh* (10c); *le farrán ndrong ndanardha* (6d). Tá ag tógbháil *cclann ccomhoidheach* (4d) coigeartaithe agam go ag tógbháil *chlann ccomhoidheach* (ag teacht le léamh H), ós rud é gur cinn-te nach mbeimis ag súil le hurú ar lorg tabharthach, agus tá go leor samplaí eile dá leithéid sa dán (*aga cloinn chíogh* (11c); *do mhíc[h]inéal mhnā Cuinn* (11a); *do mhearchuaine mhac Míliodh* (12c)). (D’fhéadfaí *clann* a fhágáil lom chomh

¹⁴ Ach coigeartaithe beaga áirithe a chur i bhfeidhm: 6d *forrán* > *farrán* (: *clannál*); 9c *greidhim* > *g[c]rēidim* (° *cceann*); 9d *fearr* > *f[h]earr* (° *d’Éirinn*); 11c *claimn* > *cloinn* (: *thoill*); 13c *féagh* > *féag* (: *déag*); 14c *fearr* > *f[h]earr* (° *fhiodhbhuidh*); 16c *bleigheathrom* > *bhleigheadh-trom* (: *eineaclonn*). Tá cuid de na coigeartaithe seo deimhnithe ag meadaracht agus ag brí na rann chomh maith. Maidir le coigeartaithe níos suntasaí, féach na nótaí téacsúla.

maith, agus na riachtanais do *shléagar* arna gcomhlíonadh). Tá séimhiú curtha ar fáil agam ar lorg ginideach firinsneach a shéimhíonn sa teanga chlasaiceach (agus i bhfianaise léamh H) in *m[e]ic M[h]íleadh* (8*b*). Tá séimhiú curtha ar fáil agam ar lorg an ainmfhocail bhaininscní *clann* in *clann s[h]íothGhall* (7*c*) (i bhfianaise *pláigh fhíochmhar* (°ionnsa) (2*c*); *an ógnáir fhuileach* (4*c*); srl.). D'fhéadfaí glacadh le léamh H agus séimhiú a chur ar fáil ar *cloinne* in *cumhdach cloinne soláthair* (5*b*), agus na coinníollacha do *shléagar* arna gcomhlíonadh, ach gur dócha go mbeadh *cadad* i gceist.

Ainmfhocail: Tá *mic* coigeartaithe agam go *m[e]ic* (8*b*) (= léamh H), an fhoirm chlasaiceach de ghinideach an ainmfhocail *mac*. Tá an cinneadh *cla(i)nn* a choigeartú go *cloinn* san ánsíoch / tabharthach (7*a*; 8*a* agus 11*c*) deimhnithe ag an meadaracht in 11*c* (: *thoill*). Teastaíonn an fhoirm *farrán* (: *clannál*) in áit *forrán* L (6*d*). Tá an fhoirm seo ceartaithe ag scríobhaí lámhscríbhinn L. Féach, áfach, go dtugann cuid d'fhinnéithe lámhscríbhinnne *IGT* ii §13 an fhoirm *farrán* mar fhoirm lochtach *forrán forráin forraín .c.* (*farrán farráin farráein .l.*). Is í foirm an ánsígh a leanann *fiú* in *Fíu a cumhuidh* (7*a*); féach *ABP* 1134*n*. Faightear an ginideach *caogad* mar ainmneach (in áit *caoga*) sna finnéithe lámhscríbhinnne ar fad in *Caogad* ['s] *céad* (12*a*).

Réamhfhocail: Séimhítear ainmfhocail ar lorg *gan*: *gan chloinn* (8*a*); *gan mháthair* (8*b*). An ánsíoch a leanann an réamhfhocail *fa* (sa chiall 'um'): *fa [a] cloinn ndearbhtha* (7*a*); *fa chnámh cclann cCobhthuigh* (10*c*).

Briathair: Tá an uimhir iolra den bhriathar in úsáid le cnuasainm in *a-táid clannál* (6*c*), rud nach sáraíonn rialacha na teanga clasaicí (*BST* 192.13–14). D'fhéadfaí léamh H, *bíodh*, a léamh in áit *bíoth* in *bí[o]th gur ghlac neamh-thruaighe a-níogh* (12*c*). Tá an fhoirm *féagh* (13*c*) coigeartaithe agam go *féag*, foirm a cheadaítear in *IGT* ii §93, ar mhaithe leis an meadaracht (: *déag*). Tá an cinneadh a rinneadh séimhiú a chur ar fáil i ndiaidh na copail coibhneasta (9*d*; 14*c*) deimhnithe ag an meadaracht in 14*c* as *f[h]earr* (°*fhiodhbhuidh*).

MODH EAGARTHÓIREACHTA

Tá an dán in eagar agam thíos as LS L, ós rud é gur fearr, ar an iomlán, léamha L ná H, agus ós rud é nach maireann ach cuid den dán in T. Tugaim léamha as H agus T.¹⁵ Cloím le hord na rann in H chomh maith (féach fonóta 12 thuas).

Is liomsa scaradh na bhfocal agus an phoncaíocht san eagrán. Scaoilim noda i gcló iodálach. Nuair a léiríonn consan forscripte sa lámhscríbhinn guta + an consan forscripte sin, is é an guta atá ar iarraidh amháin a thugtar i gcló iodálach. Tá 'e' ard curtha in iúl go ciúin agam mar 'ea'. Is liomsa suíomh na sínte fada laistigh de shiollaí, agus tá macraín curtha ar fáil agam nuair atá sínte fada

¹⁵Ní chuirim na mionéagsúlachtaí seo in áireamh sna léamha: gutaí neamhaiceanta deiridh (-*sa/-so*, srl.); síneadh fada a bheith ann nó as sna hionaid sin a mbeadh súil againn leo; noda a bheith in úsáid nó gan a bheith in úsáid; malartaithe coitianta ortagrafaíocht (*cc/gc; nm/nd; gh/dh*; sleamhnóga a bheith ann nó as).

in easnamh. Tá litreacha breise curtha ar fáil agam idir lúbíní cearnacha. Cloím le hortagrafaíocht na lámhscríbhíne i gcás gutaí gearra neamhaiceanta (mar shampla *faicionn* (: [c]cionn) (7cd)). Ar an gcaoi chéanna, níl aon choigeartú déanta agam ar *cc* in áit *gc*.

TÉACS

1. Tugadh an t-ár-so ar Ēirinn,
maidhm bhus sine saoirchréidhim,
fuair clár mionchuirmtne Meadhbha
ár críochnuighthe ar ccinneamhna.
2. Tāinig an tuile thairsi,
long bhrisde an chríoch Chobhthaigh-se;
do las pláigh fhíochmhar ionnsa
d'fhíorchur áir na hĒirionn-sa.
3. Dursan an t-ár 's a[n] t-iolach;
do chaill críoch na bhfuineadhach,
le pláigh bpeacaidh an uabhair,
gleacoin áigh is anualaigh.

AISTRIÚCHÁN

1. This destruction has been wrought upon Ireland, a defeat whose damage will be most enduring, Meadhbh's smooth, ale-warm plain has suffered the slaughter that has completed our misfortune.
2. This land of Ireland is a broken ship, the flood has swept through her; a vicious, troubling plague has flared up, truly inflicting the destruction of Ireland.
3. Woeful is the slaughter and the cry of lamentation; through the plague of the sin of pride the land of the westerners has lost attack-hounds of battle and burden.

MALAIRTÍ

- 1a.** T Tugach, T air; **1b.** L maoidhm, T maoidhimh, H budh, T sinne, H saoirbhchréidhim, T saoirchréidimh; **1d.** H áir, T air, T ~~ceinneamhuinn~~ cinneamhna
- 2a.** T tuille, T táirse, L tháirsi (leis an síneadh fada scriosta amach); **2b.** H chrích, T chobhthaigse; **2c.** H dfhíorchur, d'fhíorchur] T dfíor
- 3a.** T Dursain, T an társo tiollaice, H an társa acc fhuireach; **3b.** L bhfuinioghach, T bhfuiníoghach, H bhfunuidheach; **3c.** le pláigh bpeacaidh] H re pláigh s peacaidh, T peaca; **3d.** T gleachuinn, H gleacchoin, T áig, is] H dob, H ionúalaigh, T anualladh

4. Truag[h]án máthair na macámh,
críoch Logha as lia iomlatár;
bean dall an ógnáir fhuileach
ag tógbháil chlann ccomhoidheach.
5. Créad *acht* mearbhall don mháthair
cumhdach cloinne soláthair,
's a clann chíogh dhar chleacht colbha
fa neart na síol sósordha.
6. Clann dar tháil céadnús a cíogh,
'na ndílleachtaibh fa dhimbríogh,
a-táid clannál bhronn Banbha,
le farrán ndrong ndanardha.
7. Fiū a cumhuidh fa [a] cloinn ndearbhtha,
an Bhanbha as bean bhuidheartha;
clann s[h]íothGhall cēim ós a [c]cionn,
's a fíorchlann fēin nach faicionn.

4. Ireland, the mother of the youths, whose transformative defeats are most numerous, is a wretch; the young and modest blood-stained one is [now] a blind woman, raising the children of foreigners.
5. The protection of supplied children is but an aberration for the mother, when the children of her own breast, who were used to [her] protection, are under the control of the junior lines.
6. The litter of Banbha's womb, the children to whom she yielded the first milk of her breasts are powerless orphans, because of the destruction wrought by bands of foreigners.
7. Ireland is a troubled woman: that she does not see her own true children and that the descendants of peaceful foreigners enjoy higher status than them is enough to explain her sorrow.

4a. H Trúaghán, L máithir; **4b.** H is, T iomlot áir; **4c.** T ógnár, H oileach; **4d.** L cclann, T clann, T ccoimhaoidheach

5a. mearbhall] H mire, T mháithir; **5b.** T cúmhach, H chloinne, T soláithir; **5c.** T cíogh, T dár, H dar; **5d.** T fá

6a. dar] T tár, H dháil, H céadnús **6b.** T ndílleachthaibh, T fá, T dhimbrígh; **6c.** a-táid] T ó táid, T bron, T banba, L Bhanbha; **6d.** L forrán [agus farrán ar imeall an leathanaigh, sa lámh chéanna], T forán; **6d.** H dhrong, H ndanarrdha, T nathardha

7a. T cuimheadh, H cumha, T fá, fa] H ma a, L clainn, H dearbhtha; **7b.** T bhanba, as] H is, T buairdha; **7c.** H tshíodhghall, cionn] H gceann; **7d.** T ná, H ffaiceand

8. Máthair *gan* chloinn Banbha Bhreagh,
clann *gan* mháthair m[e]ic M[h]íleadh;
bean Chuinn a ccor na truaighe
mar bhuing chon dā céadchuaine.
9. Tuigthe ar [an] mhnaoi Nēill[-se] a-nos
– clann chothuigheas, clann leagos,
fiū a g[c]rēidhim 'ma cceann a-nocht –
gurbh f[h]earr d'Ēirinn a hóghocht.
10. Ní thuigid teangtha ar-oile
críoch ilbhéarlach Iūghoine;
ag gleic fa chnámh cclann cCobhthuigh,
dál dall dā gach danarchoin.
11. Taom do mhíc[h]inéal mhnā Cuinn;
trī glūine ó rīgh go rámhunn
aga cloinn chíogh is *ochta*
do thoill a díol dúthrochta.

8. Breagha's Banbha is a mother without children, the sons of Míl are children without a mother; the wife of Conn is in a miserable condition, [it is] like the separation of a bitch from her first litter.
9. It should now be understood from the state of this wife of Niall that it was better for Ireland to be a virgin; there are children whom she nurtures and children whom she tears down, great is the diminution they currently face.
10. [The people of] Ireland's multilingual land do not understand each other's tongues; an unfair portion [is given] to every English hound [who] competes over the bone of the children of Cobhthach.
11. It is a sin from the inhumanity of Conn's wife; the children of her own breast and bosom, who deserved her devotion, [going] from king to labourer in three generations.

- 8a.** T Máithir, T clann, L chlann, T banba, T breag; **8b.** T máithir, H meic Mhíleadh, T meic Míleadh; **8d.** T do, T chéadchuaine, H céudchuaine
- 9a.** T tuig air mhnaoi neill, H ar an mnáoi Néillsi; **9b.** T chothuighios, **9c.** H créidhim, T gréidhim, 'ma] H ma a, T má, T ccionn; **9d.** d'Ēirinn a hóghocht] H éirinn na hóghasus
- 10b.** H ilbhéurlach, H Ughoine, T Iugoine; **10c.** ag] T a, T fá, T ccnámh, H chnámh, H chlann, T cobhthaicc, H ccóbhthaigh; **10d.** T do, dál dall dā gach] H dail is dall do, T danardha, H dhanorthaibh
- 11a.** L (?)aom, T mhíchineall, H mhíchínél, T mná; **11c.** aga] H da, L clainn, T cíogh; **11d.** thoill] H choill, T thuill, T duchrochta

12. Caogad [’s] céad, ceithre mhíle
do bhliadhnaibh na buainríghe,
bí[o]th gur ghlac neamhthruaighe a-niogh,
do mhearchuaine mhac Míliodh.
13. Aois Chríost ar cceapa[dh] na rann
ní fhuil ’na aincheas oram;
nocha bréag é, is féag ar fad,
sé chéad déag agus dóchad.
14. An t-aonmhac-so as dílse dhi
comhduigh, a chodhnuigh nimhe,
tréanshlát don fhíodhbhuidh as f[h]earr
éanmhac ionmhuin na hÉireann.
15. Iarla ó cCais, a Chríost neamhdha,
ar th’iocht a-tā, a thighearna;
tuile nā tráigh it innse,
nā báigh uile [an] Éirinn-se.

12. Though she has developed an antipathy towards the brave brood of the sons of Míl, [they previously enjoyed] 4150 (?) years of unbroken kingship.
13. The age of Christ having composed the [above] verses is not difficult for me [to tell]; it is not a lie and look at length: 1620 years.
14. O lord of heaven, protect this only son who is most loyal to her, a powerful branch from the best wood, Ireland’s only dear son.
15. The earl of Dál gCais, o heavenly Christ, is under your protection, o lord; do not allow the tide to ebb in your isle, do not destroy Ireland completely.

12a. L (?)aogad, céad] L bliaghan, T bliaghain, LT cheithre; **12c.** H bíodh, T bíoth, T neart truaighe, T a-niudh; **12d.** T mac, TH Míleadh
13a. L (?)ois, T Críost, T iar, H cceapadh; **13b.** T bhfuil, T an, H ainchíos; **13c.** L féagh, H féug, T féith, T air, H arr; **13d.** déag] T déaghadh, agus] L is
14a. L An] (?)n, H téunmhacsa, is, H dhí; **14b.** H cumhduigh; **14c.** H tréunshlat, H fhíodhbaidh, H as] is, H fhearr; **14d.** H eunmhac
15a. L Iarla] (?)arla; **15c.** nā] H no, it innse] L at innse, H na hinnsi; **15d.** H uile an

16. Gabham 'nar n-easb[h]uidh oile
 Donnchadh ó Briain Bóroimhe,
 bas bhleigheadhtrom nár bhāigh mionn,
 eineaclonn áir na hÉirionn.
17. Baránta bhaincheann nimhe,
 togham an ōigh ainglidhe;
 fada ó tugadh [a] lámh linn
 tugadh an t-ár ar Éirinn. finit.

16. Let us receive in our hour of need Donnchadh, the descendant of Brian Bóroimhe, the hand with the heavy goblet who has not broken an oath, the compensation of the destruction of Ireland.
17. Let us choose the angelic virgin, the guarantor of the leading women in Heaven; it is a long time since her help has been given to us, destruction has been wrought upon Ireland.

16a. Gabham] L (?)uim, L nár, H uile; **16b.** L bhriain, H bóruimhe; **16c.** bas] L (?)as, L bleigheadhtrom, h nar; **16d.** L eineaclonn
17a. L (?)ánt(?), H baincheann, H neimhe; **17b.** L toghuim, H ógh, H aingleighe; **17c.** fada ó] L (?)ach, H tugadh a lámh

NÓTAÍ AR AN TÉACS

1b. *saoithchréidhim*: Níl *saoith* (*eDIL* s.v. *saeth*) thar a bheith coitianta mar bhall i gcomhfhocail. Ní heol dom ach sampla amháin san fhilíocht atá deimhnithe ag an meadaracht: *mór an béal 's a saothbhrón sin / a claochlódh tré éag éinfhir* (*ABM* dán 62.9cd), 'her transformation because of the death of a single man is a great sorrow and sadness'. Bheadh léamh H, *saoibhchréidhim* 'bad damage', go breá anseo chomh maith. Ní thagann léamh T (*saoirchréidimh*) go rómhaith le brí an rainn, dar liom.

1c. *clár mionchuirme Meadhbha*: Tugtar *clár Meadhbha* ar Éirinn go minic san fhilíocht chlasaiceach. Is díol suntais líon na n-ainmneacha éagsúla ar Éirinn sa dán seo: *Éire* (1a, srl.); *críoch Chobhthaigh* (2b); *Críoch na bhFuineadhach* (3b); *críoch Logha* (4b); *Banbha* (6c); *críoch Iúghoine* (10b); srl.

2b. Samhlaítear Éire le long bhriste go minic i bhfilíocht pholaitiúil an seachtú haois déag (idir fhilíocht chlasaiceach agus fhilíocht aiceanta). Féach na samplaí seo: *Do léig Éire an tonn trithe / d'iomchar fhoirne coigcríche; / arthrach Dhá Thí do tolladh / sí i n-anchruth do fheadamar* (*Measgra Dánta II* 54.13), 'Ireland, carrying a foreign band, has let the wave wash through her, the vessel

of Dá Thí has been pierced, we have [now] known her disformed shape'; *Do chaill do nóchar pósta ort, a Éire / Mar báitear long tré chiontaibh aenfhir* (O'Rahilly 1952: dán 5, línte 323–3), 'Your wedded spouse failed you, Ireland. As a ship is sunk through the faults of one man' (O Riordan 2001: 651).

2c. Meafar eile a fhaightear go minic i bhfilíocht an seachtú haois déag é meafar an phlá. Féach, mar shampla: *Fóirne Dubh-ghall, ní díth dhamh / ón dtroid seo atáid i mbaoghal / gráin ghéir-reann ós gach aoine-ing / Pláigh na hÉireann éagcaoinim* (Mac Giolla Eáin 1900: 64); 'The bands of the black foreigners are in danger from this fight, – it is no loss to me; – the fear of sharp spears is upon everyone; I lament the plague of Ireland.'

3. B'fhéidir gurbh fhearr *críoch* i líne b a choigeartú go *crích* agus an rann a léamh ar an gcaoi seo: 'Woeful is the slaughter and the cry of lamentation that has violated the land of the westerners; attack-hounds of battle and burden [suffer from] the plague of the sin of pride.' Is minic a thugann filí na tréimhse seo le tuiscint gur i ngeall ar dhíoltas Dé as peacaí na nGael atá drochbhail ar an tír. Féach O'Rahilly (1952: dán 1 líne 149 n.).

3a. *a[n] t-iolach*: Cuirtear an ghluais seo ar fáil i láimh níos deireanaí i lámhscríbhinní L agus G: *iolach .i. diobháil nó cailleamhuin*, '*iolach .i. damage or loss*'. Níl foinse na gluaise seo aimsithe agam.

3b. *críoch na bhfuineadhach*: Féach *eDIL* s.v. *fuinedach*. Tugann an Céitinneach 'Críoch na bhfuineadhach' ar Éirinn: *An dara hainm, Críoch na bhfuineadhach o bheith i bhfuineadh no i gcrích na dtrí rann don domhan do bhí ar faghbháil an tan soin; ionann, iomorro, 'fuin' agus críoch, ó'n bhfocal so Laidne 'finis', 'The second name was Críoch na bhfuineadhach from its being at the limit or end of the three divisions of the world which had then been discovered; fuin indeed, from the Latin word finis being equivalent to 'end' ' (FFÉ 98–99).*

4. Tá an íomhá dhiúltach seo d'Éirinn ina bean mhímhorálta coitianta i bhfilíocht an seachtú haois déag: 'Éire, the potential spouse of kings, degenerates in seventeenth-century texts into a shameless whore or an unfaithful wife. Alternatively, she is depicted as a bad mother who rejects her own offspring and suckles the foreign horde' (Nic Eoin 1996: 7). Is minic ina máthair mhídhílis í san fhilíocht aiceanta a cumadh i lár na haoise. Féach, mar shampla *A Fhódla phráis, is náir nach follas díbhse / gur córa tál ar sháirshliocht mhodhail sár Mhíle; / deór níl fágtha i gclár do bhrollaigh mhúnguil / nár dheólsad ál gach cránach coigeríche* (Nua-Dhuanair 1: dán 15, línte 5–8), 'Brazen Ireland, it is an embarrassment that it is not clear to you that it is better to yield [your milk] to the mighty descendants of the band of Míl; there is not a drop left in the surface of your bright, smooth breast, that the litter of every foreign sow has not sucked' agus *Ábhar deargtha leacan do mhnaoi Chuinn é / táir is tarcaisne 'thabhairt dá saoirchlainn féin, / grá a hanma 's altram a cíoch cruinn caomh / do thál ar bhasard nach feadair cé díobh puinn é.* (Nua-Dhuanair 1: dán 10,

línte 1–4), ‘It is a cause of shame for the wife of Conn to show contempt and indifference to her own noble children and to yield the love of her soul and the nourishment of her round, sweet breasts to a bastard who does not know from whom he descends.’ Faightear na híomhánna seo i ndánta clasaiceacha eile a cumadh ag tús an seachtú haois déag chomh maith, áfach, arbh fhéidir gurbh fhoinsé ag ár bhfile iad. Féach, mar shampla, na rainn seo a leanas as an dán *Iomdha éagnach ag Éirinn*, a leagtar ar Aonghus Fionn Ó Dálaigh, ina gcuirtear clann na hÉireann os ár gcomhair mar íobartaigh: *Truagh mar do thréig a náire / an bhean nar chleacht [corp-tháidhe] / Éire gan chleith re [corbadh] / dá céile ag breith basdar[dadh]. // Gidh bé clann admhas Éire / ní beag do bharr toibhéime / a léidmhighe a ngairm ’s a [ngoil] / ’s ainm méirdrighe ar a máthair*, ‘Alas, she has lost shame, she who used not to indulge in foul wantonness. Éire now defenseless against lust bears bastards. As for the children she acknowledges, their bravery, fame and gallantry serve only to heighten her shame, now that their mother is a harlot!’ (McKenna 1919: 53.89, pp. 74–5).

5a. Tá *mire* ag H in áit *mearbhall*. Bheadh an léamh seo go breá chomh maith: ‘but a madness for the mother.’

5b. B’fhéidir go bhféadfaí ‘supplied’ a thuiscint mar ‘adopted’ anseo.

5c. Maidir leis an aistriúchán seo féach *eDIL* s.v. *colba* (b).

7a. Bheadh léamh H (*’ma cloinn*) go breá anseo chomh maith.

7b. Tá an t-alt thar a bheith comónta roimh an ainm *Banbha*. Féach na samplaí seo, atá deimhnithe ag an meadaracht: *An Bhanbha mar do-bhearair d’fhior / Teamhair a theagh* (15c), ‘when Banbha is given to a man, Teamhair becomes his castle’ (McKenna 1952: 133; 136); *Do thogh an Bhanbha ar mBriain-ne / ge tharla a gcol re chéile* (LCAB 7.3), ‘Ireland has chosen our Brian, although they were resentful of each other’.

7c. *síothGhall*: Nílím cinnte cén chaoi leis an gcomhfhocal *síothGhall* a thuiscint. Seans go dtugann *síoth-* anseo le tuiscint go bhfuil saol bog ag na Gaill, a fhad is atá na Gaeil ag fulaingt. B’fhéidir gur cheart *díothGhall* ‘destructive foreigners’ a léamh in áit *síothGhall*, ach cloím le fianaise na lámhscríbhinní.

D’fhéadfaí *cēim ós a cionn* á léamh anseo chomh maith: ‘that she does not see her own true children and that the descendants of peaceful foreigners enjoy higher status than her’.

9a. Tá líon na siollaí as riocht in L agus sna lámhscríbhinní a bhaineann leis an traidisiún céanna. Is fearr léamh H. D’fhéadfaí [*Is*] *tuigthe ar mhnaoi Néill a-nos* a léamh chomh maith.

9c. Nílím cinnte faoi bhrí na ceathrún seo.

10b. Ní heol dom sampla ar bith eile den aidiacht *ilbhéarlach* i bhfilíocht na scol. Féach, áfach, na samplaí seo as *Eachtra Mhacaoimh an Iolair* (1651): *Agus ba diadha cráibhtheach eagnaidhe eolach ilbhéarlach i dteangthaibh críoch agus cineadhach an rí sin* ‘And pious, godly, skilled, learned, accomplished in many languages of countries and of tribes, was that king’ (Macalister 1908: 74–5).

11a. Maidir leis an aistriúchán seo ar *míchineál* féach Ó Súilleabháin (1969: 28): ‘Tá míchineál ar aon chiall le neamhdhuineatacht agus seasann sé do ‘inhumanitas’ ’.

11b. Faightear an frása céanna i ndánta polaitiúla eile ón tréimhse seo. Féach, mar shampla, an rann seo as dán le Pádraigín Haicéid a cumadh ar Chearbhall Óg Ó Dálaigh sa bhliain 1630: *An Cearbhall ba clos damhsa / le ríoghnaibh ba ró-annsa; / a shamhail i dTír fá Thuinn / faghaibh ó rígh go rámhainn!* (Ní Cheallacháin 1962: dán 9.3b), ‘I heard that O’Carroll was liked by noble women, find his like, from king to spade, in *Tír fá Thuinn*’. Is díol spéise go bhfuil an sampla is luaithe ar m’eolas den fhrása sin sa chorpas filíochta i ndán a leagtar ar Mhaoilín Mac Bruaideadha, *Bráthair don bhás an daibhreas: Minic bhíos damhna flatha / saidhbhir rathmar óg álainn / A mhac i bhfeidhm na súiste / trí glúine ó rígh go rámhainn* (*Measgra Dánta* 26.3), ‘Many a time though, there is [i.e. has been] a chief’s heir apparent – opulent, fortunate, young, handsome – and his son [after him] wielding the flail: ‘three generations from king to spade’ (O’Grady 1926: 532). Dar le McInerney gur bhain ár bhfile úsáid as an bhfrása seo le cur síos a dhéanamh ar chúinsí a bhain le polaitíocht cheantar Thuamhain go háirithe: ‘This phrase, used to describe the social upheaval associated with the end of the Gaelic order which the poet was lamenting, described the outcome of a long process that started with the series of grants that the earls of Thomond received which made them landowners with English title to their estates. The process described here regarding the withering and displacement of lesser lineages did not abate, and an important consequence of the ‘Surrender and Regrant’ policy under Henry VIII was that native lordship was fundamentally re-ordered, creating inroads for the introduction of new feudalised structures and widespread anglicisation’ (McInerney 2021: 60). Is díol suntais gur trí ghlúin a luaitear sa nath seo; féach an plé a dhéanann Breatnach ar ‘The three generation requirement’ (1987: 94–6).

12a. Tá an cheathrú seo lochtach in L, mar a bhfuil líon na siollaí as riocht agus uaim ar iarraidh. Comhlíonann léamh H (*Caogad céad ceithre mhíle*) na riachtanais mheadarachta, ach tá deacracht ann leis an léamh seo mar sin féin. D’fhéadfaimis *Caogad ’s céad, ceithre mhíle* (= 4150) a léamh. Insíonn Céitinn dúinn go raibh 1261 nó 1318 bliain idir gabháil chloinne Míleadh agus aois Chríost (Ó Cuív 1956–7). D’fhágfadh na dátaí sin go raibh 2881 nó 2938 bliain ann idir an ngabháltas agus cumadh ár ndáin-ne. Tagann 4150 salach ar na meastacháin sin. Níl a fhios agam cén chaoi leis an neamhréir seo a chur ina cheart.

13d. Féach an plé a dhéantar ar dháta ceaptha an dáin sa réamhrá thuas.

16c. *bhleigheadhtrom*: Caifear *bhleigheadhtrom* a léamh in áit *bhleigheadhtrom* (°*eineaclonn*). Comhfhocal é seo le *bleidhe* (*eDIL* s.v. *bleide* ‘drinking-cup; goblet’) agus leis an aidiacht *trom*. Tá sampla amháin eile den chomhfhocal seo ar m’eolas: *bleidheadhtuim* : *eineachlainn* (*DBM* I 4.4). Tá plé ar an bhfocal *bleidhe* in Ní Úrdail (2003: 35–6), mar a luann sí sampla amháin eile den fhocal mar bhall de chomhfhocal: *mín Moighe bleidheadhuinn* (: *seinfhearainn*) *Bhreagh*, ‘the level of Bregia’s ruddy-beakered Plain’ (*TD* 26.3c).

17b. Bheadh léamh L, *toghaim*, ‘I choose’ go breá anseo chomh maith, ach sílim gurbh fhearr a thagann *togham* leis an gcomhthéacs.

17c. Tá tús na líne seo in easnamh in L (...*ach tugadh lámh linn*), ach *Fada nach tugadh lámh linn* atá ag cuid de na finnétithe deireanacha (Eg; M1; G; M1; E) ‘It is a long time since we have been helped’. Is éard atá in H ná *fada ó tugadh a lámh linn*. Féach *eDIL* s.v. *lám* III (h) ‘do-beir láim la **helps**’, agus na samplaí seo a leanas: *nach áil cur lámha lat*, ‘they will not help thee’ (McKenna 1922: dán 19.25); *Acht triath na Cathrach caoimhe / caidhe a nÉirinn fhérnaoidhe / duine do-bhéradh lámh linn / dán do dhénamh dá ndlighinn?* (*Butlers* 10.3), ‘Save for the prince of sweet Cahir, where in Ireland of the fresh grass is there somebody who would help us compose a poem, if we were obliged [to do so].’

GIORRÚCHÁIN

<i>ABP</i>	E. Mac Cárthaigh (eag.), <i>The Art of Bardic Poetry: A New Edition of Irish Grammatical Tracts I</i> (Dublin, 2014).
<i>Butlers</i>	J. Carney (eag.), <i>Poems on the Butlers of Ormond, Cahir and Dunboyne (A.D. 1400–1650)</i> (Dublin, 1945).
<i>BST</i>	L. McKenna, (eag.), <i>Bardic Syntactical Tracts</i> (Dublin, 1979).
<i>Cat. ARÉ</i>	<i>Catalogue of Irish Manuscripts in the Royal Irish Academy</i> (Dublin, 1926–70).
<i>DBM I</i>	C. Mhág Craith (eag.), <i>Dán na mBráthar Mionúr, imleabhar 1</i> (Baile Átha Cliath, 1967).
<i>FFÉ</i>	P. S. Dinneen (eag.), <i>Foras Feasa ar Éirinn le Seathrún Céitinn, D. D.</i> , 3 imleabhar (Londain, 1901–14).
<i>Iomarbháigh</i>	L. McKenna (eag.), <i>Iomarbhágh na bhFileadh = The Contention of the Bards</i> , 2 imleabhar (Londain, 1918).
<i>LCAB</i>	T. Ó Donnchadha (eag.), <i>Leabhar Cloinne Aodha Buidhe</i> (Baile Átha Cliath, 1931).
<i>Measgra Dánta</i>	T. F. O’Rahilly (eag.), <i>Measgra Dánta: Miscellaneous Irish Poems</i> (Corcaigh, 1927).

- Nua-Dhuanaire* P. de Brún, B. Ó Buachalla agus T. Ó Concheanainn (eag.), *Nua-Dhuanaire. Cuid I.* (Baile Átha Cliath 1971 [1975]).
- TD E. Knott (ed.), *The Bardic Poems of Tadhg Dall Ó hUiginn (1550–1591)*, 2 vols (London 1922; 1926).

LEABHAREOLAS

- ABBOTT, T. K. agus GWYNN, E. J. 1921: *Catalogue of the Irish manuscripts in the Library of Trinity College Dublin* (Baile Átha Cliath).
- BREATNACH, L. 1987: *Uraicecht na Ríar: The Poetic Grades in Early Irish Law* (Baile Átha Cliath).
- BREATNACH, P. A. 2008: 'Changed loyalties in Thomond', *Éigse* 36, 132–7.
- CUNNINGHAM, B. 2009: 'O'Brien, Donough', *Dictionary of Irish Biography*, www.dib.ie/biography/obrien-donough-a6461 (rochtain 9 Lúnasa 2023)
- FLOWER, R. 1926: *Catalogue of Irish Manuscripts in the* [British Library, formerly the] *British Museum* (Londain, imleabhar 2).
- MACALISTER, R. A. S. (eag.), 1908: *Two Irish Arthurian Romances. Eachtra an Mhadra Mhaoil, Eachtra Mhacaoimh-an-Iolair; The Story of the Crop Eared Dog, the Story of Eagle Boy* (Londain).
- MACBAIN, A. agus KENNEDY, J. (eag.), 1894: *Reliquiae Celticae* II (Inverness), 143–4.
- MAC GIOLLA EÁIN, C. 1900: *Dánta Amhráin is Caointe Sheathrúin Céitinn* (Baile Átha Cliath).
- MCINERNEY, L. 2021: 'A 1640 register of the Thomond Papers at Petworth House [with index]', *Archivium Hibernicum* 74, 27–134.
- McKENNA L. 1919: *Dánta do Chum Aonghus Fionn Ó Dálaigh* (Baile Átha Cliath).
- , 1922: *Dán Dé: the Poems of Donnchadh Mór Ó Dálaigh, and the Religious Poems in the Duanaire of the Yellow Book of Lecan* (Baile Átha Cliath).
- , 1952: 'A poem by Gofraidh Fionn Ó Dálaigh', *Ériu* 16, 132–9.
- McLAUGHLIN, R. 2005: 'A threat of satire by Tadhg (mac Dáire) Mac Bruaideadha', *Ériu* 55, 37–57.
- MINAHANE, J. 2000: *The Contention of the Poets: an Essay in Irish Intellectual History* (Bratislava).
- Ní CHEALLACHÁIN, M. 1962: *Filíocht Phádraigín Haicéad* (Baile Átha Cliath).
- Ní ÚRDAIL, M. 2003: 'Two poems attributed to Muireadhach Albanach Ó Dálaigh', *Ériu* 53, 19–52.
- , 2005: 'A poem addressed to Donnchadh Ó Briain, fourth earl of Thomond', in John Carey, Máire Herbert agus Kevin Murray (eag.), *Cín Chille Cúile: Texts, Saints and Places. Essays in Honour of Pádraig Ó Riain* (Aberystwyth), 193–207.
- NIC CHÁRTHAIGH, E. 2013: 'Mór a-tá ar theagasc flatha: speculum principis le Tadhg mac Dáire Mheic Bhruaideadha', in Seán Ó Coileáin, Liam P.

- Ó Murchú agus Pádraigín Riggs (eag.), *Séimhfhear Suairc: Aistí in Ómós don Ollamh Breandán Ó Conchúir* (An Daingean), 139–80.
- NÍC EOIN, M. 1996: ‘Secrets and disguises? Caitlín Ní Uallacháin and other female personages in eighteenth century Irish political poetry’, *Eighteenth-Century Ireland/Iris an Dá Chultúr* 11, 7–45.
- Ó CUÍV, B. 1956–7: ‘Mo thruaighe mar tá Éire’, *Éigse* 8, 302–8.
- , 1969/70: ‘The numeral *dó Chad, dá Chad*’, *Éigse* 13, 110.
- , 1984: ‘An elegy on Donnchadh Ó Briain, fourth earl of Thomond’, *Celtica* 16, 87–105.
- O’GRADY, S. H. 1926: *Catalogue of Irish Manuscripts in the* [British Library, formerly the] *British Museum*, Imleabhar 1. Londain.
- O’RAHILLY, C. 1952: *Five Seventeenth-Century Political Poems* (Baile Átha Cliath).
- O’RAHILLY, T. F. 1922: ‘Irish poets, historians and judges in English documents, 1538–1615’, *PRIA* 36 C, 86–120.
- , 1950: ‘Varia II’, *Celtica* 1, 328–86.
- O RIORDAN, M. 2021: *Poetics and Polemics: Reading Seventeenth-Century Irish Political Verse* (Corcaigh).
- Ó SÚILLEABHÁIN, P. 1969/70: ‘Nótaí ar roinnt focal i *dTrí Biorghaoithe an Bháis*’, *Éigse* 13, 26–9.
- SHARPE, R. 2018: ‘Appendix 2. Manuscripts of the Betham collection as appearing in the 1847 valuation-list’, in Pádraig Ó Macháin agus Sorcha Nic Lochlainn (eag.), *Leabhar na Longánach: The Ó Longáin Family and their Manuscripts* (Corcaigh), 347–58.
- WALSH, P. 1943: *Catalogue of Irish MSS in Maynooth College Library, Part 1* (Maigh Nuad).

DEIRDRE NÍ CHÁRTHAIGH

Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath